
# Lá Spraoi Naomh Abán



Eochairfhocail: meitheal, rannpháirtíocht, peil, cothromaíocht, deiseanna, sprioc

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén club peile atá i gceist sa mhír nuachta seo?
2. Cén aidiacht a úsáideann Liam Mac an Mhaoir chun cur síos a dhéanamh ar mhná Mhúscraí?
3. Cad is ainm don pháirc peile atá ag Naomh Abán?
4. Cén sprioc a bhí leis an lá speisialta seo?
5. Ainmnigh imeacht spraíúil amháin a bheidh ar siúl i rith an lae.
6. Luaigh buntáiste amháin a bhaineann leis an smaoineamh ‘One Club’ dar le Méadhbh Ní Mhathúna.
7. Cén focal a úsáideann Méadhbh a dhéanann cur síos ar gach duine sa chlub a bheith ag cabhrú lena chéile?
8. Cad é an sprioc atá ag an gclub ó thaobh na peile de don am atá le teacht?
9. Déan taighde ar líne agus faigh amach cén contae ina bhfuil Naomh Abán?
10. An bhfuil tú i do bhall de chlub peile nó iománaíochta?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| | |
|---|---|
| Tá club peile Naomh Abán suite i gceantar Gaeltachta | **Fíor** |
| Is club sacair é Naomh Abán | |
| Cailíní amháin a imríonn le Naomh Abán | |
| Eagraíodh Lá Spraoi 'One Club' sa chlub le déanaí | |
| Bhain gach duine sárthaitneamh as an lá | |
| Ní cheapann Liam Mac an Mhaoir go bhfuil mná na háite ina mná láidre | |
| Is í Naomh Gobnait naomhphátrún an cheantair ina bhfuil an club suite | |
| Páirc Uí Mhurchú is ainm don pháirc imeartha atá ag Naomh Abán | |
| Beidh go leor imeachtaí spraíúla ar siúl do pháistí i rith an lae | |
| Tá peil na mban ag éirí níos laige sa chlub le cúpla bliain anuas | |
| Tá spiorad na meithle le feiceáil go soiléir sa chlub | |

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Léamhthuiscint: Gaeltacht Mhúscraí**

**Freagair na ceisteanna a bhaineann leis an léamhthuiscint seo**

Tá Gaeltacht Mhúscraí suite i gcontae Chorcaí. Cónaíonn thart ar 4,000 duine ann. Is iad príomhshráidbhailte an cheantair ná Baile Mhúirne, Béal Átha an Ghaorthaidh, Cill na Martra agus Cúil Aodha. Tá cáil ar an gceantar mar gheall ar a áilleacht nádúrtha. Tá Gúgán Barra suite i nGaeltacht Mhúscraí. Is gleann álainn a bhfuil seanséipeal suite ann é Gúgán Barra. De réir an traidisiúin bhunaigh Naomh Fionnbarra mainistir sa ghleann sa séú haois. Tá fothraigh na mainistreach sin fós le feiceáil sa lá atá inniu ann. Ceaptar go forleathan go bhfuil Gúgán Barra ar cheann de na háiteanna is áille in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá Gaeltacht Mhúscraí cóngarach go maith do chathair Chorcaí mar sin is i gcathair Chorcaí a oibríonn cuid mhaith de mhuintir Mhuscraí agus taistealaíonn siad isteach agus amach as an gcathair cúpla lá sa tseachtain. Anuas air sin ar fad, tá an Ghaeilge fós láidir sa Ghaeltacht álainn bheag seo.

1. Cén contae ina bhfuil Gaeltacht Mhúscraí?
2. Ainmnigh sráidbhaile amháin atá sa cheantar Gaeltachta seo.
3. Céard í an áit is cáiliúla i nGaeltacht Mhúscraí?
4. Déan cur síos i d'fhocail féin ar Ghúgán Barra. Is leor 50 focal sa chur síos.
5. Céard é an rud sainiúil (speisialta) a bhaineann leis an gceantar áirithe seo i gCorcaigh?
6. Aimsigh sampla amháin den saorbhriathar ón sliocht.
7. Aimisgh sampla amháin den ainmfhocal san uimhir iolra ón sliocht.
8. Aimsigh sampla amháin d'ainmfhocal baininscneach ón sliocht.
9. Aimsigh sampla amháin de shárchéim na haidiachta ón sliocht.
10. Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar Ghaeltacht Mhúscraí? Tabhair dhá chúis le d'fhreagra.

Freagraí

1. Naomh Abán
2. Láidir
3. Páirc Íosagáin
4. Rannpháirtíocht mhuintir an pharóiste sa chlub a ghríosú
5. Rásaí mála, dunk tank, tarbh
6. Cothromaíocht níos fearr idir na buachaillí agus na cailíní, deiseanna níos fearr do na cailíní, acmhainní roinnte eatarthu, guth níos láidre a bheith ag na cailíní.
7. Meitheal
8. Go mbeidh na fir agus na mná ag imirt ag leibhéal na sinsear sa todhchaí agus go mbuafaidh siad cúpla corn
9. Corcaigh

1. Fíor
2. Bréagach
3. Bréagach
4. Fíor
5. Fíor
6. Bréagach
7. Fíor
8. Bréagach
9. Fíor
10. Bréagach
11. Fíor

1. Corcaigh
2. Baile Mhúirne, Cill na Martra, Cúil Aodha, Béal Átha an Ghaorthaidh
3. Gúgán Barra
5. An Ghaeilge á labhairt
6. Ceaptar
7. Príomhshráidbhailte
8. Cathair, Gaeltacht, Gaeilge, áit, áilleacht, cáil, mainistir, muintir
9. Is áille